



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Nollaig 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0426(COD)

15088/21
ADD 1

ENER 560
ENV 1012
TRANS 757
ECOFIN 1253
RECH 567
CODEC 1660
IA 208

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Nollaig 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 802 final - ANNEXES 1 to 9
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 802 final - ANNEXES 1 to 9.

Faoi iamh: COM(2021) 802 final - ANNEXES 1 to 9



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2021
COM(2021) 802 final

ANNEXES 1 to 9

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an Togra le haghaidh

Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)

{SEC(2021) 430 final} - {SWD(2021) 453 final} - {SWD(2021) 454 final}

↓ 2010/31/AE

IARSCRÍBHINN I

CREAT GINEARÁLTA COMHCHOITEANN CHUN FEIDHMÍOCHT FUINNIMH FOIRGNEAMH A RÍOMH

(dá dtagraítear in Airteagal 43)

↓ 2018/844 Airt. 1.14 agus
Iarscríbhinn 1(a) (nua)
(oiriúnaithe)
⇒ nua

1. Cinnfear feidhmíocht fuinnimh foirgnimh ar bhonn úsáide fuinnimh ríofa nó ~~iarbhrí~~ fuinnimh ~~mhéadráithe~~ agus léireofar léi an ghnáthúsáid fuinnimh do théamh spáis, fuarú spáis, uisce te tí, aeráil, soilsiú ionsuite agus córais theicniúla foirgneamh eile. Áiríteoidh na ⇒ Ballstáit go bhfuil an ghnáthúsáid fuinnimh ionadaíoch do na dálaí iarbhrí oibriúcháin maidir le gach tíopeolaíocht ábhartha agus go léiríonn sí iompraíocht tipiciúil an úsáideora. I gcás inarb é, beidh úsáid thipiciúil fuinnimh agus iompar thipiciúil úsáideoirí bunaithe ar an staidreamh náisiúnta, ar chóid tógála agus ar shonraí méadráithe atá ar fáil. ⇐

↓ nua

I gcás inarb é an fuinneamh méadráithe an bonn le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh, beidh an mhodheolaíocht ríofa in ann tionchar iompraíocht na n-áititheoirí agus na haeráide áitiúla a shainaithint, rud nach léireofar mar thoradh ar an ríomh. Maidir le fuinneamh méadráithe a úsáidfear chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh, beidh gá le léamha a mhairfidh eatraimh in aghaidh na huaire ar a laghad agus ní mór idirdhealú a dhéanamh idir iompróirí fuinnimh.

Féadfaidh na Ballstáit tomhaltas fuinnimh mhéadráithe a úsáid faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin chun cirte na húsáide fuinnimh ríofa a fhíorú agus chun comparáid a dhéanamh idir an fheidhmíocht ríofa agus an fheidhmíocht iarbhrí. Féadfar tomhaltas fuinnimh méadráithe chun críocha fíoraithe agus comparáide a bhunú ar léamha míosúla.

↓ 2018/844 Airt. 1.14 agus
Iarscríbhinn 1(a) (oiriúnaithe)
⇒ nua

Cuirfear feidhmíocht fuinnimh foirgnimh in iúl le táscaire uimhriúil d'úsáid fuinnimh phríomhúil ⇒ in aghaidh an aonaid d'achar an urláir tagartha in aghaidh na bliana, ⇐ in kWh/(m².y) chun críche feidhmíocht fuinnimh a dheimhniú agus íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh araon. Beidh an mhodheolaíocht a chuirfear i bhfeidhm chun feidhmíocht fuinnimh foirgnimh a chinneadh trédhearcach agus oscailte do nuálaíocht.

Déanfaidh na Ballstáit cur síos ar a modheolaíocht ríomha náisiúnta ⇒ bunaithe ar Iarscríbhinn A de réir ⇐ náisiúnta na bpríomhchaighdeán uileghabhálach ~~uileghabhálach~~ ⇐ Eorpach maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, ~~uileghabhálach~~ ⇐ EN ~~uileghabhálach~~ ⇐ ISO 52000-1, ~~uileghabhálach~~ ⇐ EN ISO ~~uileghabhálach~~ ⇐ 52003-1, ~~uileghabhálach~~ ⇐ EN ISO ~~uileghabhálach~~ ⇐ 52010-1, ~~uileghabhálach~~ ⇐ EN ISO ~~uileghabhálach~~ ⇐ 52016-1, agus ~~uileghabhálach~~ ⇐ EN ISO ~~uileghabhálach~~ ⇐ 52018-1, ⇒ EN 16798-1 agus EN 17423 nó sárghoiciméid a forbraíodh ⇐ faoi shainordú M/480 a

~~tugadh don Choiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN). Ní hionann an fhoráil seo agus códú dlíthiúil na gcaighdeán sin.~~

↓ nua

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina soláthraíonn córais téimh nó fuaraithe ceantair foirgnimh, go n-aithneofar agus go dtabharfar cuntas ar thairbhí an tsoláthair sin sa mhodheolaíocht ríofa trí bhíthin príomhfachtóirí fuinnimh atá deimhnithe nó aitheanta ina n-aonar.

↓ 2018/844 Airt. 1.14 agus
Iarscríbhinn 1(b) (oiriúnaithe)
⇒ nua

2. Déanfar riachtanais fuinnimh ⇒ agus úsáid fuinnimh ⇐ do théamh spáis, fuarú spáis, uisce te tí, aeráil, soilsiú agus córais theicniúla foirgneamh eile a ríomh ⇒ trí úsáid a bhaint as eatraimh in aghaidh na huairé nó faoi seach chun am a ríomh d'fhonn dálaí éagsúla a chur san áireamh a dhéanann difear suntasach d'oibriú agus d'fheidhmíocht an chórais agus do dhálaí laistigh, agus ⇐ ~~chun~~ sláinte, cáilíocht aeir laistigh agus leibhéil chompoird arna sainiú ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach a bharrfheabhsú.

↓ nua

I gcás ina n-áireofar ceanglais shonracha maidir le faisnéis táirge-shonrach do tháirgí a bhaineann le fuinneamh arna nglacadh faoi Rialachán 2009/125/CE chun feidhmíocht fuinnimh a ríomh faoin Treoir seo, ní bheidh faisnéis bhreise de dhíth ar mhodhanna ríofa náisiúnta.

↓ 2018/844 Airt. 1.14 agus
Iarscríbhinn 1(b) (oiriúnaithe)
⇒ nua

Déanfar ríomh an fhuinnimh phríomhúil a bhunú ar phríomhthosca fuinnimh, ⇒ (agus idirdhealú á dhéanamh ar thosca neamh-inathnuaite, in-athnuaite agus iomlána) ⇐ ~~nó ar fhachtóirí ualaithe~~ in aghaidh an iompróra fuinnimh, nach ⇒ mór do na húdaráis náisiúnta a aithint. ⇐ Féadfar na príomhthosca fuinnimh sin a bhunú ar ⇒ fhaisnéis náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Féadfar príomhfachtóirí fuinnimh a shocrú ar ⇐ bhliantúla, agus b'fheidir ~~séasúrach, nó míosúil freisin,~~ ar bhonn ⇒ laethúil nó in aghaidh na huairé ⇐ nó ar fhaisnéis níos sonraí a chuirtear ar fáil do ~~chórais~~ córais ceantair aonair.

Déanfaidh na Ballstáit na príomhthosca fuinnimh nó na príomhthosca ualaithe a shainiú. ⇒ Déanfar na roghanna a rinneadh agus na foinsí sonraí a thuairisciú de réir EN 17423 nó de réir aon bhundoiciméad. Féadfaidh na Ballstáit meánfhachtóir fuinnimh phríomhúil AE a roghnú do leictreachas arna bhunú de bhun Threoir (AE).../... [athmhúnlú EED] in ionad príomhfachtóir fuinnimh a léiríonn an meascán leictreachais sa tír. ⇐

~~Agus na fachtóirí sin maidir le ríomh na feidhmíochta fuinnimh á geur i bhfeidhm, áirithioidh na Ballstáit go saothrófar feidhmíocht fuinnimh an imehlúdaigh foirgnimh is fearr is féidir.~~

~~Agus na príomhthosca fuinnimh á ríomh chun críche feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh, féadfaidh na Ballstáit foinsí in-athnuaite fuinnimh a soláthraítear tríd an iompróir~~

~~fuinnimh agus foinní in athnuaite fuinnimh a ghintear agus a úsáidtear ar an láthair a chur san áireamh, ar choinníoll go gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.~~

↓ 2018/844 Airt. 1.14 agus
Iarscríbhinn 1(c) (oiriúnaithe)
⇒ nua

32a Chun feidhmíocht fuinnimh foirgnimh a chur in iúl, féadfaidh na Ballstáit táscairí breise uimhriúla den phríomhúsáid fuinnimh iomlán, neamh-inathnuaite agus in-athnuaite, agus ~~astaíocht~~ ☒ astaíochtaí ☒ ⇒ oibriúcháin ⇄ gás ceaptha teasa arna dtáirgeadh in kgCO₂eq/(m².y) a shainiú.

↓ 2010/31/AE (oiriúnaithe)

43 Leagfar síos an mhodheolaíocht agus na gnéithe seo a leanas ar a laghad á gcur san áireamh:

- (a) na saintréithe teirmeach iarbhir seo a leanas den fhoirgneamh lena n-áirítear a dheighiltí inmheánacha:
 - (i) toilleadh teirmeach;
 - (ii) insliú;
 - (iii) téamh éighníomhach;
 - (iv) eilimintí fuaraithe; ~~agus~~
 - (v) droichid theirmeacha;
- (b) suiteáil téimh agus soláthar uisce the, lena n-áirítear a saintréithe inslithe;
- (c) suiteálacha aerchóirithe;
- (d) aeráil nádúrtha agus meicniúil a bhféadfadh aerdhíonacht a bheith mar chuid de;
- (e) suiteáil soilsithe ionsuite (san earnáil neamhchónaithe den chuid is mó);
- (f) dearadh, suíomh agus treoshuíomh an fhoirgnimh, lena n-áirítear an aeráid lasmuigh;
- (g) grianchórais éighníomhacha agus grianchosaint;
- (h) dálaí aeráide laistigh, lena n-áirítear an aeráid dhíonach atá deartha;
- (i) ualaí inmheánacha.

↓ 2018/844 Airt. 1.14 agus
Iarscríbhinn 1(d)

54 Cuirfear dea-thionchar na ngnéithe seo a leanas san áireamh:

↓ 2010/31/AE

- (a) dálaí áitiúla nochta gréine, grianchórais ghníomhacha agus córais eile téimh agus leictreachais bunaithe ar fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite;

- (b) leictreachas arna tháirgeadh trí chomhghiniúint;
- (c) córais téimh agus fuaraithe ceantair nó bloic;
- (d) Soilsiú nádúrtha.

65= Chun críche an ríofa, ba cheart na foirgnimh a aicmiú go leordhóthanach sna catagóirí seo a leanas:

- (a) tithe aonteaghlaigh de chineálacha éagsúla;
- (b) bloic árasán;
- (c) oifigí;
- (d) foirgnimh oideachais;
- (e) ospidéal;
- (f) óstáin agus bialanna;
- (g) saoráidí spóirt;
- (h) foirgnimh seirbhísí mórdhíola agus miondhíola;
- (i) cineálacha eile foirgneamh a ídionn fuinneamh.

↓ nua

IARSCRÍBHINN II

TEIMPLÉAD DO NA PLEANANNA NÁISIÚNTA ATHCHÓIRITHE FOIRGNEAMH

(dá dtagraítear in Airteagal 3)

EPBD Airteagal 3	Táscairí éigeantacha	Táscairí/tuairimí Roghnacha
(a) Forbhreathnú ar an stoc náisiúnta foirgneamh	Líon na bhfoirgneamh agus an t-achar urláir iomlán (m ²): — in aghaidh an chineáil foirgnimh (lena n-áirítear foirgnimh phoiblí agus tithíocht shóisialta) — de réir aicme feidhmíochta fuinnimh — NZEB — an fheidhmíocht is measa (lena n-áirítear sainmhíniú)	Líon na bhfoirgneamh agus an t-achar urláir iomlán (m ²): — de réir aois tógála — de réir mhéid an fhoirgnimh — in aghaidh an limistéir aeráide — scartáil (líon agus achar urláir iomlán)
	Líon na dteastas feidhmíochta fuinnimh: — in aghaidh an chineáil foirgnimh (lena n-áirítear foirgnimh phoiblí) — de réir aicme feidhmíochta fuinnimh	Líon na dteastas feidhmíochta fuinnimh: - in aghaidh na tréimhse foirgníochta

	Rátaí athchóirithe bliantúla: Líon agus achar urláir iomlán (m²) — in aghaidh an chineáil foirgnimh — go dtí leibhéil tógála nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de — in aghaidh na doimhneachta athchóirithe (meán-athchóiriú ualaithe) — athchóiriú domhain — foirgnimh phoiblí	
	Tomhaltas fuinnimh bliantúil príomhúil agus deiridh (ktoe): — in aghaidh an chineáil foirgnimh — in aghaidh na húsáide deiridh Coigilteas fuinnimh (Ktoe): — in aghaidh an chineáil foirgnimh — foirgnimh phoiblí Sciar an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil foirgníochta (MW arna ghiniúint): — le haghaidh úsáidí éagsúla — ar an láthair — lasmuigh den láthair	Laghdú ar chostais fuinnimh (EUR) in aghaidh an teaghlaigh (meán) An t-éileamh príomha fuinnimh ó fhoirgneamh a chomhfhreagraíonn don 15 % is airde (tairseach rannchuidithe shubstaintiúil) agus an 30 % is airde (gan an tairseach le haghaidh dochar suntasach a dhéanamh) den stoc náisiúnta foirgneamh, i gcomhréir le Gníomh Tarmligthe an Aontais Eorpaigh maidir le Tacsanomaíocht Aeráide Sciar de chóras teasa in earnáil an fhoirgnimh in aghaidh an chineáil coire/córas téimh
	Astaíochtaí gás ceaptha teasa bliantúla (kgCO₂eq/(m².y): — in aghaidh an chineáil foirgnimh (lena n-áirítear foirgnimh phoiblí) Laghdú bliantúil ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (kgCO₂eq/(m².y): — in aghaidh an chineáil foirgnimh (lena n-áirítear foirgnimh phoiblí)	

	Bacainní agus teipeanna margaidh (tuairisc): — Dreasachtaí scoilte — Cumas na tógála agus na hearnála fuinnimh Forléargas ar na hacmhainneachtaí in earnáil na tógála, in earnáil na héifeachtúlachta fuinnimh agus in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite	Bacainní agus teipeanna margaidh (tuairisc): — Riaracháin — Airgeadais — Teicniúil — Feasacht — Eile Uimhir: — Cuideachtaí seirbhíse fuinnimh — cuideachtaí tógála — ailtirí agus innealtóirí — oibrithe oilte — ionaid ilfhreastail — FBManna in earnáil na tógála/na nuála Réamh-mheastacháin an lucht saothair tógála: - Ailtirí/innealtóirí/oibrithe oilte ar scor - Ailtirí/innealtóirí/oibrithe oilte ag teacht isteach sa mhargadh - Daoine óga san earnáil - Mná san earnáil Forléargas agus réamhaisnéis ar éabhlóid na bpraghsanna ar ábhair thógála agus ar fhorbairtí sa mhargadh náisiúnta
--	---	---

	Bochtaineacht fuinnimh (sainmhíniú): — % de na daoine atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh — an cion d'ioncam indiúscartha teaghlaigh a chaitear ar fhuinneamh — daonra ina gcónaí faoi dhálaí cónaithe neamhleora (e.g. díon ag sileadh) nó le dálaí neamhleora compoird theirmigh	
	Príomhthosca fuinnimh: — in aghaidh an iompróra fuinnimh — fachtóir fuinnimh phríomha nach féidir a athnuachan — príomhfachtóir fuinnimh in-athnuaite — fachtóir fuinnimh phríomha iomlán	
	Sainmhíniú ar fhoirgneamh fuinnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh atá ann cheana féin	forléargas ar an gcreat dlíthiúil agus riaracháin
	Ceanglais íosta is fearr ó thaobh costais de le haghaidh foirgneamh nua agus foirgneamh atá ann cheana féin	
(b) Treochlár do 2030, 2040, 2050	Spriocanna do rátaí athchóirithe bliantúla: Líon agus achar urláir iomlán (m²): — in aghaidh an chineáil foirgnimh — an fheidhmíocht is measa	Spriocanna le haghaidh sciar ionchasach (%) d'fhoirgnimh athchóirithe: — in aghaidh an chineáil foirgnimh in aghaidh na doimhneachta athchóirithe

	An sprioc don tomhaltas bliantúil fuinnimh phríomhúil agus deiridh a bhfuiltear ag súil leis (ktoe): — in aghaidh an chineáil foirgnimh — in aghaidh na húsáide deiridh An coigilteas fuinnimh a bhfuiltear ag súil leis: — in aghaidh an chineáil foirgnimh	An sciar den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite san earnáil foirgníochta (MW a ghintear)
	Spriocanna d’astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhfuiltear ag súil leo (kgCO₂eq/(m².y): — in aghaidh an chineáil foirgnimh Spriocanna don laghdú a bhfuiltear ag súil leis ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (%): — in aghaidh an chineáil foirgnimh	Foroinnt idir astaíochtaí a chumhdaítear le Caibidil III [suiteálacha do-aistrithe], Caibidil IVa [trádáil astaíochtaí nua d’fhoirgnimh agus d’iompar de bhóthar] de Threoir 2003/87/CE, agus stoc eile;
	Na sochair níos leithne a bhfuiltear ag súil leo — Poist nua a chruthú — Laghdú % ar na daoine a bhfuil tionchar ag an mbochtaineacht fuinnimh orthu	— Méadú ar OTI (scair agus billiún Euro)
	Rannchuidiú le sprioc cheangailteach náisiúnta na mBallstát le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun [an Rialacháin athbhreithnithe maidir le comhroinnt díchill]	
	Rannchuidiú le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais i gcomhréir le Treoir (AE).../... [athmhúnlú EED] (roinnt agus figiúr ktoe, tomhaltas príomhúil agus deiridh): — i gcomhréir leis an sprioc fhoriomlán maidir le héifeachtúlacht fuinnimh	Rannchuidiú le spriocanna an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i gcomhréir le Treoir (AE).../... [athmhúnlú EED] (roinnt agus figiúr in ktoe, príomha agus deiridh [tomhaltas]): — i gcoinne na sprice in Airteagal 8 den Treoir maidir le cosaint fuinnimh (oibleagáid maidir

		le coigilteas fuinnimh)
	Rannchuidiú le spriocanna an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe] (comhroinnt, MW arna ghiniúint): — ag teacht leis an sprioc fhoriomlán don fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite — i gcomhréir leis an sprioc tháscach maidir le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san earnáil tógála	
	Rannchuidiú le sprioc aeráide 2030 an Aontais agus sprioc neodracht aeráide 2050 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119 (roinnt agus figiúr in (kgCO ₂ eq/(m ² .y'))): — i gcoinne na sprice foriomláine dícharbónaithe	
(c) Forléargas ar na beartais agus na bearta atá curtha chun feidhme agus atá beartaithe	Beartais agus bearta maidir leis na heilimintí seo a leanas: (a) ascnaimh chost-éifeachtacha i leith athchóiriú a shainaitheint le haghaidh cineálacha éagsúla foirgneamh agus criosanna aeráide, ag féachaint do na truíphointí ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann i saolré an fhoirgnimh; (b) íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh náisiúnta de bhun Airteagal 9 agus beartais agus gníomhaíochtaí eile chun díriú ar na codanna is mó a fheidhmíonn den stoc náisiúnta foirgneamh; (c) athchóiriú domhain foirgneamh, lena n-áirítear athchóiriú domhain céimneach a chur chun cinn; (d) custaiméirí leochaileacha a chumhachtú agus a chosaint agus laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear beartais agus bearta de bhun Airteagal 22 de Threoir (AE).../... [athmhúnlú EED], agus inacmhainneacht tithíochta;	Beartais agus bearta maidir leis na heilimintí seo a leanas: (a) athléimneacht foirgneamh ó thaobh aeráide de a mhéadú; (b) an margadh seirbhísí fuinnimh a chur chun cinn; (c) méadú ar shábháilteacht ó dhóiteán; (d) athléimneacht i gcoinne rioscaí tubaiste a mhéadú, lena n-áirítear priacail a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach; (e) substaintí guaiseacha a bhaint, lena n-áirítear aispeist; Agus (f) inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas.

(e) ionaid ilfhreastail nó sásraí dá samhail a chruthú chun comhairle agus cúnamh teicniúil, riaracháin agus airgeadais a sholáthar; (f) téamh agus fuarú a dhícharbónú, lena n-áirítear trí ghréasáin téimh agus fuaraithe ceantair, agus deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise i dtéamh agus i bhfuarú d'fhonn deireadh iomlán a chur leo faoi 2040 ar a dhéanaí; (g) foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn i bhfoirgnimh i gcomhréir leis an sprioc tháscach maidir le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na tógála a leagtar amach in Airteagal 15ú(1) de Threoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe]; (h) laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa saolré iomláine chun foirgnimh a fhoirgníú, a athchóiriú, a oibriú agus a chríochnú, agus chun glacadh le haistrithe carbóin; (i) dramhaíl tógála agus scartála a chosc agus a chóireáil ar ardcháilíocht i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE, go háirithe maidir le hord na réiteach dramhaíola, agus cuspóirí an gheilleagair chiorclaigh; (j) cineálacha cur chuige ceantair agus comharsanachta, lena n-áirítear ról na gcomhphobal fuinnimh inathnuaite agus na bpobal fuinnimh saoránach; (k) feabhsú foirgneamh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear beartais agus bearta de bhun Airteagal 5, Airteagal 6 agus Airteagal 7 de [athmhúnlú EED]; (l) teicneolaíochtaí cliste agus bonneagar le haghaidh soghluaisteacht inbhuanaithe i bhfoirgnimh a chur chun cinn; (m) aghaidh a thabhairt ar bhacainní margaidh agus ar theipeanna margaidh; (n) aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i scileanna agus ar neamhréir i	Do gach beartas agus beart: Acmhainní agus cumais riaracháin An réimse/na réimsí a chumhdaítear: — an fheidhmíocht is measa — íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh — bochtaineacht fuinnimh, tithíocht shóisialta — foirgnimh phoiblí — cónaitheach (teaghlach aonair, ilchlann) — neamhchónaithe — tionscal — foinsí in-athnuaite fuinnimh — deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise i dtéamh agus i bhfuarú — astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh shaolré iomlán — an geilleagar ciorclach agus dramhaíl — ionaid ilfhreastail — pasanna athchóirithe — teicneolaíochtaí cliste — soghluaisteacht inbhuanaithe i bhfoirgnimh — cur chuige ceantair agus comharsanachta — scileanna, oiliúint — feachtais feasachta agus uirlisí comhairleacha
--	--

	gcumas daoine, agus oideachas, oiliúint, uasoiliúint agus athoiliúint a chur chun cinn in earnálacha na foirgníochta, na hearnála, na héifeachtúlachta fuinnimh agus an fhuinnimh inathnuaite; Agus (o) feachtais ardaithe feasachta agus uirlisí comhairleacha eile. Do gach beartas agus beart: — Ainm an bheartais nó an bhirt — Tuairisc ghairid (raon feidhme beacht, cuspóir agus rialacha mionsonraithe oibríochta) — Cuspóir cainníochtaithe — Cineál beartais nó birt (amhail beartas reachtach; Eacnamaíoch; Fioscach; Oiliúint, feasacht) — An buiséad agus foinsí maoinithe atá beartaithe — Eintitis atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme — An tionchar a bhfuiltear ag súil leis — Stádas cur chun feidhme — Dáta theacht i bhfeidhm — Tréimhse cur chun feidhme	
(d) Achoimre ar na riachtanais infheistíochta, ar na foinsí buiséadacha agus ar na hacmhainní riaracháin	— Riachtanais iomlána infheistíochta do 2030, 2040, 2050 (milliúin EUR) — Infheistíochtaí poiblí (EUR milliún) — Infheistíochtaí príobháideacha (EUR milliún) — Acmhainní buiséadacha — Buiséad urraithe	Buiséad urraithe

IARSCRÍBHINN III

CEANGLAIS MAIDIR LE FOIRGNIMH NUA AGUS ATHCHÓIRITHE LE HAGHAIDH ASTAÍOCHTAÍ NIALASACHA AGUS RÍOMH AN PHOITÉINSIL TÉIMH DHOMHANDA LE LINN SAOLRÉ (GWP)

(dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 7)

I. Ceanglais maidir le foirgnimh atá saor ó astaíochtaí

Comhlíonfaidh úsáid bhliantúil iomlán fuinnimh phríomhúil foirgnimh nua atá saor ó astaíochtaí na huastairsigh a shonraítear sa tábla thíos.

Limistéar aeráide an AE ¹	Foirgneamh cónaithe	Foirgneamh oifige	Foirgneamh eile neamhchónaithe*
Meánmhuir	<60 kWh/(m ² .y)	<70 kWh/(m ² .y)	Úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán NZEB arna sainiú ar an leibhéal náisiúnta
Aigéanach	<60 kWh/(m ² .y)	<85 kWh/(m ² .y)	Úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán NZEB arna sainiú ar an leibhéal náisiúnta
Ilchríochach	<65 kWh/(m ² .y)	<85 kWh/(m ² .y)	Úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán NZEB arna sainiú ar an leibhéal náisiúnta
Nordach	<75 kWh/(m ² .y)	<90 kWh/(m ² .y)	Úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán NZEB arna sainiú ar an leibhéal náisiúnta

*Nóta: Ba cheart go mbeadh an tairseach níos lú ná an tairseach d'úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán a bhunaítear ar leibhéal na mBallstát le haghaidh foirgnimh neamhchónaithe atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de seachas oifigí

Cumhdófar go hiomlán, ar bhonn glan bliantúil, úsáid fuinnimh phríomha iomlán foirgnimh nua nó foirgneamh athchóirithe atá saor ó astaíochtaí, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a ghintear ar an láthair agus a chomhlíonann critéir Airteagal 7 de Threoir (AE) 2018/2001 [arna leasú],

¹ An Mheánmhuir: CY, HR, IT, EL, MT, ES, PT, Oceanic: Be, DK, IE, DE, FR, LU, NL, Ilchríochach: At, BG, CZ, HU, PL, RO, SL, SK, Nordic: EE, FI, LV, LT, SE.

- fuinneamh inathnuaite arna sholáthar ó chomhphobal fuinnimh in-athnuaite de réir bhrí Airteagal 22 de Threoir (AE) 2018/2001 [arna leasú], nó
- fuinneamh in-athnuaite agus teas dramhaíola ó chóras téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Threoir (AE).../... [athmhúnlú EED].

Ní bheidh foirgneamh atá saor ó astaíochtaí ina chúis le haon astaíochtaí carbóin ar an láthair ó bhreoslaí iontaise.

Ach amháin i gcás, mar gheall ar chineál an fhoirgnimh nó easpa rochtana ar phobail fuinnimh inathnuaite nó ar chórais téimh agus fuaraithe ceantair incháilithe, nach bhfuil sé indéanta, go teicniúil, na ceanglais faoin gcéad mhír a chomhlíonadh, féadfar an úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán a chumhdach freisin le fuinneamh ón eangach a chomhlíonann critéir arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta.

II. Acmhainneacht téimh dhomhanda (GWP) saolré foirgneamh nua a ríomh de bhun Airteagal 7(2)

Chun acmhainneacht téimh dhomhanda (GWP) saolré foirgneamh nua a ríomh de bhun Airteagal 7(2), cuirtear an GWP in iúl mar tháscaire uimhriúil do gach céim saolré arna shloinneadh mar $\text{kgCO}_2\text{e/m}^2$ (achar urláir úsáideach) ar feadh bliain amháin de thréimhse staidéir tagartha 50 bliana. Déanfar na sonraí a roghnú, an sainmhíniú ar chnámha scéil agus na ríomhanna i gcomhréir le EN 15978 (EN 15978:2011. Inbhuanaitheacht oibreacha foirgníochta. Feidhmíocht chomhshaoil foirgneamh a mheasúnú. Modh ríofa). Tá raon feidhme na n-eilimintí tógála agus an trealaimh theicniúil mar atá sainmhínithe i gcreat coiteann an AE do tháscaire 1.2 a bhaineann le Leibhéal/Leibhéil. I gcás inarb ann d'uirlis ríofa náisiúnta, nó ina n-éilítear í chun nochtuithe a dhéanamh nó chun ceadanna tógála a fháil, féadfar an uirlis sin a úsáid chun an nochtadh riachtanach a chur ar fáil. Féadfar uirlisí ríofa eile a úsáid má chomhlíonann siad na critéir íosta a leagtar síos le creat coiteann an Aontais Eorpaigh. Úsáidfear sonraí maidir le táirgí foirgníochta sonracha arna ríomh i gcomhréir leis an [Rialachán athbhreithnithe maidir le Táirgí Foirgníochta] nuair a bheidh siad ar fáil.

IARSCRÍBHINN IVIA

***COMHCHREAT GINEARÁLTA CHUN ULLMHACHT CHLISTE FOIRGNEAMH A
RÁTÁIL***

1. Bunóidh an Coimisiún sainmhíniú ar tháscaire ullmhachta cliste agus modheolaíocht lena ríomhfar é, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chumas foirgnimh nó aonaid foirgnimh a oibriocht a oiriúnú de réir riachtanais an tsealbhóra agus na heangaí agus a éifeachtúlacht fuinnimh agus a fheidhmíocht fhoriomlán a fheabhsú.

Cumhdófar leis an táscaire ullmhachta cliste gnéithe le haghaidh coigilteas fuinnimh feabhsaithe, tagarmharcáil agus solúbthacht, feidhmiúlachtaí agus cumais fheabhsaithe mar thoradh ar fheistí idirnasctha agus cliste.

Cuirfear san áireamh sa mhodheolaíocht gnéithe amhail méadair chliste, uathobriú foirgnimh agus córais rialaithe, feistí féinrialaithe le haghaidh rialáil aertheochta laistigh, fearais bhaile ionsuite, pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha, stóráil fuinnimh agus feidhmiúlachtaí mionsonraithe agus idir-inoibritheacht na ngnéithe sin, chomh maith le tairbhí don aeráid laistigh, éifeachtúlacht fuinnimh, leibhéil feidhmíochta agus solúbthacht chumasaithe.

2. Beidh an mhodheolaíocht ag brath ar thrí phríomhfheidhmiúlacht a bhaineann leis an bhfoirgneamh agus lena chórais theicniúla foirgneamh:

- (a) an cumas feidhmíocht agus oibriú fuinnimh an fhoirgnimh a chothabháil trí thomhaltas fuinnimh a oiriúnú mar shampla trí úsáid a bhaint as fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite;
- (b) an cumas chun a oibriocht a oiriúnú mar fhreagairt ar riachtanais an áititheora agus aird chuí á tabhairt ar infhaighteacht soláimhsitheachta don úsáideoir, aeráid shláintiúil laistigh a chothabháil agus an cumas chun tuairisciú ar úsáid fuinnimh; Agus
- (c) solúbthacht éilimh fhoriomláin leictreachais foirgnimh, lena n-áirítear a chumas rannpháirtíocht i bhfreagairt ghníomhach agus éighníomhach chomh maith le freagairt ar éileamh intuigthe agus shainráite a chumasú, i ndáil leis an eangach, mar shampla trí sholúbthacht agus acmhainní aistrithe ualaigh.

3. Ina theannta sin, féadfaidh an mhodheolaíocht na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) idir-inoibritheacht idir córais (méadair chliste, uathobriú foirgnimh agus córais rialaithe, fearais ionsuite baile, feistí féinrialaithe chun rialáil a dhéanamh ar aertheocht laistigh den fhoirgneamh agus braiteoirí cáilíochta aeir laistigh agus aeráil); Agus
- (b) Tionchar dearfach na líonraí cumarsáide atá ann cheana, go háirithe bonneagar fisiciúil foirgnimh atá réidh don ardluas a bheith ann, amhail an lipéad deonach “leathanbhanda-réidh”, agus pointe rochtana a bheith ann d'fhoirgnimh

ilteaghaise, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

4. Ní bheidh tionchar diúltach ag an modheolaíocht ar scéimeanna náisiúnta um dheimhniú feidhmíochta fuinnimh atá ann cheana agus cuirfidh sí le tionscnaimh ghaolmhara ar an leibhéal náisiúnta, agus prionsabal úinéireacht an áititheora, cosaint sonraí, príobháideacht agus slándáil á gcur san áireamh, i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideacht chomh maith leis na teicnící is fearr atá ar fáil don chibearshlándáil.

5. Leagfar amach sa mhodheolaíocht an fhormáid is iomchuí den pharaiméadar um tháscaire ullmhachta cliste agus beidh sí simplí, trédhearcach agus sothuigthe do thomhaltóirí, d'úinéirí, d'infheisteoirí agus do rannpháirtithe sa mhargadh freagartha ar éileamh.

² Treoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun an costas a bhaineann le cur in úsáid líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a laghdú (IO L 155, 23.5.2014, lch. 1).

IARSCRÍBHINN V

TEIMPLÉAD DO THEASTAIS FEIDHMÍOCHTA FUINNIMH

(dá dtagraítear in Airteagal 16)

1. Ar an gcéad leathanach, beidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad sa deimhniú feidhmíochta fuinnimh:

- (a) an aicme feidhmíochta fuinnimh;
- (b) An úsáid bhliantúil fuinnimh phríomhúil arna ríomh in kWh/(m²bliain);
- (c) an tomhaltas bliantúil fuinnimh phríomhúil arna ríomh in kWh nó MWh;
- (d) an úsáid fuinnimh bhliantúil ríofa deiridh in kWh/(m² sa bhliain);
- (e) an tomhaltas fuinnimh bliantúil deiridh ríofa in kWh nó MWh;
- (f) táirgeadh fuinnimh in-athnuaite in kWh nó MWh;
- (g) fuinneamh in-athnuaite i % den úsáid fuinnimh;
- (h) Astaíochtaí gás ceaptha teasa oibriúcháin (kg CO₂/(m²bliain));
- (i) an aicme astaíochtaí gás ceaptha teasa (más infheidhme).

2. Ina theannta sin, féadfar na táscairí seo a leanas a áireamh sa deimhniú feidhmíochta fuinnimh:

- (a) úsáid fuinnimh, buaicualach, méid an ghineadóra nó an chórais, an príomhiompróir fuinnimh agus an príomhchineál eiliminte i gcás gach ceann de na húsáidí: Téamh, fuarú, uisce te tí, aerú agus soilsiú ionsuite;
- (b) fuinneamh in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair, príomh-iompróir fuinnimh agus cineál foinse fuinnimh in-athnuaite;
- (c) léiriú is ea/ní hea cé acu a rinneadh nó nár ríomhadh an Cumas Téamh Domhanda a ríomh i leith an fhoirgnimh;
- (d) luach na hIonchas Téamh Domhanda sa saolré (má tá sé ar fáil);
- (e) faisnéis faoi aistrithe carbóin a bhaineann le stóráil shealadach carbóin i bhfoirgnimh nó ar fhoirgnimh;
- (e) is ea/ní thugtar le fios cibé acu an bhfuil pas athchóirithe ar fáil don fhoirgneamh nó nach bhfuil;
- (f) meánluach na n-eilimintí teimhneacha d'imchlúdach an fhoirgnimh;
- (g) meánluach na n-eilimintí trédhearcacha den imchlúdach foirgnimh;
- (h) an cineál eiliminte trédhearcaí is coitianta (e.g. fuinneog ghloinithe dubailte);
- (i) torthaí na hanailíse ar an riosca róthéimh (má tá sé ar fáil);
- (j) braiteoirí seasta a bheith ann a dhéanann faireachán ar leibhéil cháilíocht an air laistigh;
- (k) rialuithe seasta a bheith ann a fhreagraíonn do leibhéil cháilíocht an air laistigh;

- (l) líon agus cineál na bpointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha;
- (m) córais stórála fuinnimh a bheith ann, cineál agus méid na gcóras sin;
- (n) a indéanta atá sé an córas téimh a chur in oiriúint chun feidhmiú ag socruithe teochta níos éifeachtaí;
- (o) a indéanta atá sé an córas aerchóirithe a oiriúnú le go bhfeidhmeoidh sé ag socruithe teochta níos éifeachtúla;
- p) ídiú fuinnimh méadraithe;
- q) astaíochtaí mínábhair cháithnínigh (PM2.5) oibríochta.

Féadfaidh na naisc seo a leanas le tionscnaimh eile a bheith san áireamh sa deimhniú feidhmíochta fuinnimh má tá feidhm acu sin sa Bhallstát ábhartha:

- (a) is ea/ní léireofar an ndearnadh measúnú ullmhachta cliste don fhoirgneamh;
- (b) luach an mheasúnaithe ullmhachta cliste (má tá sé ar fáil);
- (c) is ea/ní thugtar le fios cé acu atá Logleabhar Tógála Digiteach ar fáil don fhoirgneamh nó nach bhfuil.

Beidh rochtain chomhionann ag daoine faoi mhíchumas ar an bhfaisnéis i ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh.

↓ 2010/31/AE (oiriúnaithe)

IARSCRÍBHINN VII

CÓRAIS RIALAITHE NEAMHSPLEÁCHA LE HAGHAIDH DEIMHNITHE FEIDHMÍOCHTA FUINNIMH ~~AGUS TUARASCÁLACHA CIGIREACHTA~~

↓ nua

1. Sainmhíniú ar cháilíocht an deimhnithe feidhmíochta fuinnimh

Soláthróidh na Ballstáit sainmhíniú soiléir ar an méid a mheastar a bheith ina dheimhniú feidhmíochta fuinnimh bailí.

Leis an sainmhíniú ar dheimhniú feidhmíochta fuinnimh bailí áiritheofar an méid seo a leanas:

↓ 2010/31/AE (oiriúnaithe)
→₁ 2018/844 Airteagal 1.14 agus
Iarscríbhinn.3(a)
⇒ nua

1. →₁ ~~Déanfaidh na húdaráis inniúla nó na comhlachtaí a ndearna na húdaráis inniúla an fhreagracht maidir leis an geóras rialaithe neamhspleách a chur chun feidhme a tharmligean chucu roghnú randamach de na teastais feidhmíochta fuinnimh go léir a eisiúint go bliantúil agus cuirfidh siad faoi réir a bhfíoraithe iad. Beidh an sampla ar mhéid leordhóthanach chun torthaí comhlíonta a bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh staidrimh de a áirithiú.~~ ←

~~Dunófar an fíorú ar na roghanna thíos nó ar bhearta coibhéiscacha:~~

- (a) ☒ Seiceáil ☐ bhailíochta ar shonraí ionchuir ⇒ (lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair) ⇐ an fhoirgnimh a úsáidtear chun an deimhniú feidhmíochta fuinnimh a eisiúint agus na torthaí atá luaite sa deimhniú;

↓ nua

- (b) bailíocht na ríomhanna;

- (c) Uasdiall d'fheidhmíocht fuinnimh foirgnimh, arna shloinneadh de rogha leis an táscaire uimhriúil ar úsáid fuinnimh phríomhúil (kWh/(m²bliain));

- (d) líon íosta eilimintí atá difriúil ó luachanna réamhshocraithe nó ó luachanna caighdeánacha.

↓ 2010/31/AE

- ~~(b) seiceáil ar na sonraí ionchuir agus fíorú torthaí an deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, lena n-áirítear na moltaí a rinneadh;~~

- ~~(c) seiceáil iomlán ar shonraí ionchuir an fhoirgnimh a úsáidtear chun an deimhniú feidhmíochta fuinnimh a eisiúint, fíorú iomlán ar na torthaí atá luaite sa deimhniú, lena n-áirítear na moltaí a rinneadh, agus cuairt ar an láthair ar an bhfoirgneamh, más~~

féidir, chun comhfhreagras idir sonraíochtaí arna dtabhairt sa deimhniú feidhmíochta fuinnimh agus an foirgneamh deimhnithe a sheiceáil.

2. Maidir leis na húdaráis inniúla nó na comhlachtaí a ndearna na húdaráis inniúla an fhreagracht as an gcóras rialaithe neamhspleách a chur chun feidhme a tharmligean chucu, déanfaidh siad rogha randamach de ar a laghad céatadán, atá suntasach go statistiúil, de na tuarascálacha eigríochta go léir a eisítear go bliantúil agus cuirfidh siad na tuarascálacha sin faoi réir fíoraithe.

↓ nua

Féadfaidh na Ballstáit eilimintí breise a áireamh sa sainmhíniú ar dheimhniú feidhmíochta fuinnimh bailí, amhail diallas uasta do luachanna sonracha sonraí ionchuir.

2. Cáilíocht an chórais rialaithe le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh

Tabharfaidh na Ballstáit sainmhíniú soiléir ar na cuspóirí cáilíochta agus ar an leibhéal muiníne staidrimh ba cheart do chreat an deimhnithe feidhmíochta fuinnimh a bhaint amach. Áiritheofar leis an gcóras rialaithe neamhspleách go mbeidh ar a laghad 90 % de dheimhnithe feidhmíochta fuinnimh eisithe ag a mbeidh muinín staidrimh 95 % don tréimhse a ndearnadh meastóireacht uirthi, tréimhse nach faide ná bliain amháin.

Déanfar an leibhéal cáilíochta agus an leibhéal muiníne a thomhas trí shampláil randamach agus tabharfaidh sé cuntas ar na heilimintí ar fad arna soláthar sa sainmhíniú ar dheimhniú bailí feidhmíochta fuinnimh. Éileoidh na Ballstáit fíorú tríú páirtí chun meastóireacht a dhéanamh ar 25 % ar a laghad den sampla randamach i gcás inar tarmligeadh na córais rialaithe neamhspleácha chuig comhlachtaí neamhrialtasacha.

Fíorófar bailíocht na sonraí ionchuir leis an bhfaisnéis a chuirfidh an saineolaí neamhspleách ar fáil. D'fhéadfadh deimhnithe táirge, sonraíochtaí nó pleananna tógála a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin ina mbeidh mionsonraí maidir le feidhmíocht na n-eilimintí éagsúla a áirítear sa deimhniú feidhmíochta fuinnimh.

Déanfar bailíocht na sonraí ionchuir a fhíorú trí chuairteanna ar an láthair a thabhairt ar 10 % ar a laghad de na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh atá mar chuid den tsampláil randamach a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht fhoriomlán na scéime.

Chomh maith leis an íossampláil randamach chun an leibhéal foriomlán cáilíochta a chinneadh, féadfaidh na Ballstáit straitéisí éagsúla a úsáid chun drochcháilíocht i ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh a bhrath agus díriú orthu go sonrach d'fhonn cáilíocht fhoriomlán na scéime a fheabhsú. Ní féidir anailís spriocdhírithe den sórt sin a úsáid mar bhonn chun cáilíocht fhoriomlán na scéime a thomhas.

Úsáidfidh na Ballstáit bearta réamhghabhálacha agus frithghníomhacha chun cáilíocht chreat foriomlán an deimhnithe feidhmíochta fuinnimh a áirithiú. Féadfar a áireamh ar na bearta sin oiliúint bhreise do shaineolaithe neamhspleácha, sampláil spriocdhírithe, oibleagáid deimhnithe feidhmíochta fuinnimh a chur isteach an athuair, fineálacha comhréireacha agus toirmisc shealadacha nó bhuana do shaineolaithe.

I gcás ina gcuirtear faisnéis le bunachar sonraí, beidh sé ar chumas na n-údarás náisiúnta an tionscnóir a chuir an fhaisnéis leis a shainaithint, chun críocha faireacháin agus fíoraithe.

3. Infhaighteacht teastas feidhmíochta fuinnimh

Fíorófar leis an gcóras rialaithe neamhspleách an bhfuil deimhnithe feidhmíochta fuinnimh ar fáil do cheannaitheoirí ionchasacha agus do thionóntaí ionchasacha d'fhonn a áirithiú gur

féidir feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a mheas ina gcinneadh ceannach nó cíós a dhéanamh.

Leis an gcóras rialaithe neamhspleách, fíorófar infheictheacht an táscaire feidhmíochta fuinnimh agus na haicme sna meáin fógraíochta.

4. Típeolaíochtaí tógála a chóireáil

Beidh cuntas sa chóras rialaithe neamhspleách as típeolaíochtaí éagsúla foirgneamh, go háirithe na típeolaíochtaí tógála sin is forleithne i margadh an eastáit réadaigh, amhail cónaithe aonair, ilchónaitheach, oifigí nó miondíol.

5. Nochtadh poiblí

Foilseoidh na Ballstáit go tráthrialta, sa bhunachar sonraí náisiúnta maidir le teastais feidhmíochta fuinnimh, an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis an gcóras cáilíochta:

- (a) an sainmhíniú ar cháilíocht i dteastais feidhmíochta fuinnimh;
- (b) cuspóirí cáilíochta don scéim um theastas feidhmíochta fuinnimh;
- (c) torthaí an mheasúnaithe cháilíochta, lena n-áirítear líon na ndeimhnithe a ndearnadh meastóireacht orthu agus líon coibhneasta le líon iomlán na ndeimhnithe a eisíodh le linn na tréimhse atá i gceist (in aghaidh na típeolaíochta);
- (d) bearta teagmhasacha chun cáilíocht fhoriomlán na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh a fheabhsú.

↓ 2018/844 Airt. 1.14 agus
Iarscríbhinn 3(b)

~~3. I geás ina geuirtear faisnéis le bunachar sonraí, beidh sé ar chumas na n-údarás náisiúnta an tionsenóir a chuir an fhaisnéis leis a shainaithint, chun críocha faireacháin agus fíoraithe.~~

IARSCRÍBHINN VIII

CREAT MODHEOLAÍOCHTA COMPARÁIDEACH CHUN NA LEIBHÉIL IS FEARR Ó THAOBH COSTAIS DE CHEANGLAIS FEIDHMÍOCHTA FUINNIMH D'FHOIRGNIMH AGUS D'EILIMINTÍ TÓGÁLA A SHAINAITHINT

Cuirfidh an creat modheolaíochta comparáideach ar chumas na mBallstát feidhmíocht fuinnimh ⇒ agus astaíochtaí ⇐ foirgneamh agus gnéithe tógála agus gnéithe eacnamaíocha na mbearta a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh ⇒ agus astaíochtaí ⇐ a chinneadh, agus iad a nascadh d'fhonn an leibhéal is fearr ó thaobh costais de a shainaithint.

Beidh treoirlínte ag gabháil leis an gcreat modheolaíochta comparáideach ina leagfar amach conas an creat sin a chur i bhfeidhm agus na leibhéil feidhmíochta is fearr ó thaobh costais de á ríomh.

Leis an gcreat comparáideach modheolaíochta, beifear in ann aird a thabhairt ar phatrúin úsáide, ar dhálaí aeráide amuigh faoin aer ⇒ agus ar na hathruithe a dhéanfar orthu amach anseo de réir na heolaíochta aeráide is fearr atá ar fáil, na gcostas ⇐ infheistíochta, na catagóire tógála, na gcostas cothabhála agus oibriúcháin (lena n-áirítear costais agus coigiltis fuinnimh), tuillimh ón bhfuinneamh a tháirgtear, i gcás inarb infheidhme, seachtrachtaí ⇒ comhshaoil agus sláinte na húsáide fuinnimh, ⇐ agus costais ⇒ bainistithe dramhaíola ⇐ diúsairtha, i gcás inarb infheidhme. Ba cheart é a bheith bunaithe ar chaighdeáin Eorpacha ábhartha a bhaineann leis an Treoir seo.

Cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas ar fáil freisin:

- treoirlínte a bheidh ag gabháil leis an gcreat modheolaíochta comparáideach; Fónfaidh na treoirlínte ☒ sin ☒ chun a chur ar chumas na mBallstát tabhairt faoi na céimeanna atá liostaithe thíos;³²
- faisnéis faoi fhorbairt i bpraghsanna fuinnimh fadtéarmacha a mheastar a bheith ann.

Chun go gcuirfidh na Ballstáit an creat modheolaíochta comparáideach i bhfeidhm, leagfar síos coinníollacha ginearálta, arna gcur in iúl le paraiméadair, ar leibhéal na mBallstát.

Cuirfidh an creat modheolaíochta comparáideach de cheangal ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- foirgnimh tagartha a shainiú a bhfuil a bhfeidhmiúlacht agus a suíomh geografach ionadaíoch, lena n-áirítear dálaí aeráide laistigh agus lasmuigh. Folóidh na foirgnimh tagartha foirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, idir foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana;³³
- bearta éifeachtúlachta fuinnimh a shainiú a ndéanfar measúnú orthu i gcás na bhfoirgneamh tagartha. Féadfaidh na bearta sin a bheith ina mbearta d'fhoirgnimh aonair ina n-iomláine, do ghnéithe foirgnimh aonair, nó do mheascán de ghnéithe foirgníochta;³⁴
- Measúnú a dhéanamh ar an ngá le fuinneamh deiridh ⇒ agus príomhúil, agus astaíochtaí ⇐ agus na bhfoirgneamh tagartha mar thoradh orthu, agus na bearta sainithe éifeachtúlachta fuinnimh á gcur i bhfeidhm;³⁵

- ríomhfaidh siad na costais (i.e. glanluach láithreach) na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh (dá dtagraítear sa dara fleasc) le linn an tsaolré eacnamaíoch lena bhfuiltear ag súil a chuirtear i bhfeidhm ar na foirgnimh tagartha (dá dtagraítear sa chéad fhleasc) trí phrionsabail chomparáideacha an chreata modheolaíochta a chur i bhfeidhm.

Trí chostais na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh a ríomh le linn an tsaolré eacnamaíoch lena bhfuiltear ag súil, déanann na Ballstáit cost-éifeachtúlacht na n-íosleibhéal feidhmíochta fuinnimh a mheas. Leis  sin,  beifear in ann na leibhéil is fearr ó thaobh costais de de cheanglais feidhmíochta fuinnimh a chinneadh.

IARSCRÍBHINN VIII

CUID A

An Treoir aisghairthe agus an leasú comhleánúach a rinneadh uirthi	
(dá dtagraítear in Airteagal 29)	
Treoir 2002/91/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 1, 4.1.2003, lch. 65)	
Rialachán (CE) Uimh. 1137/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 21.11.2008, lch. 1)	pointe 9.9 den Iarscríbhinn, agus an pointe sin amháin

CUID B

Teorainneacha ama chun trasuí sa dlí náisiúnta agus cur i bhfeidhm		
(dá dtagraítear in Airteagal 29)		
Treoir	Teorainn ama maidir le trasuí	Dáta cur i bhfeidhm
2002/91/CE	4 Eanáir 2006	An 4 Eanáir 2009 maidir le hAirteagail 7, 8 agus 9 amháin

CUID A

Treoir Aisghairthe
le liosta de na leasuithe comhleánúacha a rinneadh air
(dá dtagraítear in Airteagal 33)

Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13)	
Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 156, 19.6.2018, lch. 75)	Airteagal 1 amháin
Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1)	Airteagal 53 amháin

CUID B

Teorainneacha ama don trasuí sa dlí náisiúnta agus dátaí cur i bhfeidhm
(dá dtagraítear in Airteagal 33)

Treoir	Teorainn ama don trasuí	Dátaí cur i bhfeidhm
2010/31/AE	9 Iúil 2012	a mhéad a bhaineann le hAirteagail 2, 3, 9, 11, 12, 13, 17, 18, 20 agus 27, an 9 Eanáir 2013; a mhéad a bhaineann le hAirteagail 4, 5, 6, 7, 8, 14, 15 agus 16, an 9 Eanáir 2013 maidir le foirgnimh atá á n-áitiú ag na húdaráis phoiblí agus an 9 Iúil 2013 maidir le foirgnimh eile
(AE) 2018/844	10 Márta 2020	

IARSCRÍBHINN IX

Tábla comhghaoil	
Treoir 2002/91/CE ☒ 2010/31/AE ☒	Leis an Treoir seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2, pointe (1)	Airteagal 2, pointe 1
—	Airteagal 2, pointe (2)
Airteagal 2, pointe (2)	Airteagal 2, pointe (3)
—	Airteagal 2, pointe (4) agus pointe (5)
Airteagal 2, pointí (3), (3ú), (4) agus (5)	Airteagal 2, pointe (6), (7), (8) agus (9)
—	Airteagal 2, pointe (10), pointe (11) agus pointe (12)
Airteagal 2, pointí (6), (7), (8) agus (9)	Airteagal 2, pointí (13), (14), (15) agus (16)
—	Airteagal 2, pointí (17), (18), (19) agus (20)
Airteagal 2, pointe (10)	Airteagal 2, pointe (21)
—	Airteagal 2, pointí (22), (23), (24), (25), (26) agus (27)
Airteagal 2, pointí (11), (12), (13) agus (14)	Airteagal 2, pointí (28), (29), (30) agus (31)
==	Airteagal 2, pointí (32), (33), (34), (35), (36) agus (37)
Airteagal 2, pointe (15)	Airteagal 2, pointe (37)
Airteagal 2, pointí (15), (15ú), (15b), (15c), (16) agus (17)	Airteagal 2, pointí (38), (39), (40), (41), (42) agus (43)
Airteagal 2, pointe (18)	—
Airteagal 2, pointe (19)	Airteagal 2, pointe (44)
==	Airteagal 2, pointí (45), (46), (47), (48), (49), (50), (51), (52), (53), (54), (55), (56) agus

	(57)
Airteagal 2, pointe (20)	—
Airteagal 2a	Airteagal 3
Airteagal 3	Airteagal 4
Airteagal 4	Airteagal 5
Airteagal 5	Airteagal 6
Airteagal 6 agus Airteagal 9	Airteagal 7
Airteagal 7	Airteagal 8
—	Airteagal 9
—	Airteagal 10
Airteagal 8(1), (9)	Airteagal 11
Airteagal 8(2) go (8)	Airteagal 12
Airteagal 8(10), (11)	Airteagal 13
—	Airteagal 14
Airteagal 10	Airteagal 15
Airteagal 11	Airteagal 16
Airteagal 12	Airteagal 17
Airteagal 13	Airteagal 18
—	Airteagal 19
Airteagal 14 agus Airteagal 15	Airteagal 20
Airteagal 16	Airteagal 21
Airteagal 17	Airteagal 22
—	Airteagal 23
Airteagal 18	Airteagal 24
Airteagal 19	Airteagal 25
Airteagal 19ú	—
Airteagal 20	Airteagal 26

Airteagal 21	Airteagal 27
Airteagal 22	Airteagal 28
Airteagal 23	Airteagal 29
Airteagal 26	Airteagal 30
Airteagal 27	Airteagal 31
Airteagal 28	Airteagal 32
Airteagal 29	Airteagal 33
Airteagal 30	Airteagal 34
Airteagal 31	Airteagal 35
Iarscríbhinn i	Iarscríbhinn i
—	Iarscríbhinn II
==	Iarscríbhinn III
Iarscríbhinn IA	Iarscríbhinn IV
—	Iarscríbhinn V
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn VI
Iarscríbhinn III	Iarscríbhinn VII
Iarscríbhinn IV	Iarscríbhinn VIII
Iarscríbhinn V	Iarscríbhinn IX
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2, pointe (1)	Airteagal 2, pointe (1)
—	Airteagal 2, pointe (2) agus pointe (3)
Airteagal 2, pointe (2)	Airteagal 2, pointe (4) agus Iarscríbhinn I
—	Airteagal 2, pointí (5), (6), (7), (8), (9), (10) agus (11)
Airteagal 2, pointe (3)	Airteagal 2, pointe (12)
Airteagal 2, pointe (4)	Airteagal 2, pointe (13)
—	Airteagal 2, pointe (14)

Airteagal 2, pointe (5)	Airteagal 2, pointe (15)
Airteagal 2, pointe (6)	Airteagal 2, pointe (16)
Airteagal 2, pointe (7)	Airteagal 2, pointe (17)
Airteagal 2, pointe (8)	Airteagal 2, pointe (18)
—	Airteagal 2, pointe (19)
Airteagal 3	Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I
Airteagal 4(1)	Airteagal 4(1)
Airteagal 4(2)	—
Airteagal 4(3)	Airteagal 4(2)
—	Airteagal 5
Airteagal 5	Airteagal 6(1)
—	Airteagal 6(2) agus (3)
Airteagal 6	Airteagal 7
—	Airteagail 8, 9 agus 10
Airteagal 7(1), an chéad fhomhír	Airteagal 11(8) agus Airteagal 12(2)
Airteagal 7(1) an dara fhomhír	Airteagal 11(6)
Airteagal 7(1) an tríú fhomhír	Airteagal 12(6)
Airteagal 7(2)	Airteagal 11(1) agus (2)
—	Airteagal 11(3), (4), (5), (7) agus (9)
—	Airteagal 12(1), (3), (4), (5) agus (7)
Airteagal 7(3)	Airteagal 13(1) agus (3)
—	Airteagal 13(2)
Airteagal 8, pointe (a)	Airteagal 14(1) agus (3)
—	Airteagal 14(2)
Airteagal 8, pointe (b)	Airteagal 14(4)
—	Airteagal 14(5)

Airteagal 9	Airteagal 15(1)
—	Airteagal 15(2), (3), (4) agus (5)
—	Airteagal 16
Airteagal 10	Airteagal 17
—	Airteagal 18
Airteagal 11, an fhocláíocht tesaigh	Airteagal 19
Airteagal 11, pointe (a) agus pointe (b)	—
Airteagal 12	Airteagal 20(1) agus Airteagal 20(2) an dara fomhír
—	Airteagal 20(2) an chéad fhomhír agus Airteagal 20(3) agus (4)
—	Airteagal 21
Airteagal 13	Airteagal 22
—	Airteagail 23, 24 agus 25
Airteagal 14(1)	Airteagal 26(1)
Airteagal 14(2) agus (3)	—
—	Airteagal 26(2)
—	Airteagal 27
Airteagal 15(1)	Airteagal 28
Airteagal 15(2)	—
—	Airteagal 29
Airteagal 16	Airteagal 30
Airteagal 17	Airteagal 31
Iarscríbhinn	Iarscríbhinn i
—	Iarscríbhinn II go hIarscríbhinn V

IARSCRÍBHINN [...]

IARSCRÍBHINN [...]

IARSCRÍBHINN [\[...\]](#)